



An Bhruiséil, 26 Feabhra 2024
(OR. en)

6564/24

LIMITE

ENER 73

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Slándáil an tsoláthair agus ullmhú do gheimhreadh 2024-2025: staid na himeartha - Seisiún tuairimíochta

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir le ‘Slándáil an tsoláthair agus ullmhú do gheimhreadh 2024-2025: staid na himeartha’ i bhfianaise na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 4 Márta 2024.

Chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fuinnimh de dheasca chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, is iomaí beart atá déanta ag an Aontas agus a Bhallstáit, mar shampla an plean REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise na Rúise faoi 2030, fuinneamh a shábháil, foinsí fuinnimh a éagsúlú agus dlús a chur le táirgeadh fuinnimh ghlain. Ina theannta sin, glacadh roinnt rialachán éigeandála mar fhreagairt ar ábhair inní slándála agus luaineacht sa mhargadh.

Níor cuireadh síneadh le cuid de na rialacháin sin nó rachaidh siad in éag faoi dheireadh 2025¹.

Ionchorprófar roinnt beart sa phacáiste hidrigine agus gáis agus ba cheart go dtiocfadh sé i bhfeidhm in 2024.

Sa chomhthéacs sin, d'iarr go leor Ballstát go ndéanfaí athbhreithniú reachtach chun ár n-ollstruchtúr maidir le slándáil an tsoláthair a threisiú a thuilleadh san fhadtearma, chun na forbairtí is déanaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na géarchéime fuinnimh a chur san áireamh.

Tá an Uachtaránacht den tuairim nach mór leanúint den iarracht chomhchoiteann atá déanta ag an Aontas agus ag na Ballstáit. Agus forbairtí éagsúla san Aontas agus an staid gheopholaitiúil á gcur san áireamh, beidh sé ríthábhachtach i gcónaí an ullmhacht agus slándáil an tsoláthair a neartú le haghaidh an gheimhridh atá le teacht. I bhfianaise an mhéid sin, agus i bhfianaise na staide a ndearna an Coimisiún cur síos uirthi in 7088/24, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí ullmhacht don gheimhreadh a phlé agus thíolaic sí na ceistanna seo a leanas chun na seisiúin a threorú:

¹ Rachaidh an Rialachán maidir le stóráil gáis in éag faoin 31.12.2025 agus rinneadh an rialachán maidir le bearta comhordaithe chun an t-éileamh ar ghás a laghdú a mhodhnú ar thogra ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle.

1. Cad a d'fhéadfadh na Ballstáit a dhéanamh ina n-aonar, agus an tAontas i dteannta a chéile, chun a áirithiú nach bhfillfidh an t-éileamh ar ghás ar na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim agus chun suaitheadh praghsanna nua agus tionchair ar shlándáil an tsoláthair agus ar ár gcuspóirí maidir le dícharbónú a sheachaint?
 2. Cad iad na gnéithe ar cheart a chur san áireamh nó a athsholáthar inár n-ollstruchtúr maidir le slándáil an tsoláthair atá ann cheana?
 3. Cad iad na bearta comhlántacha a d'fhéadfaí a dhéanamh sa bhreis orthu siúd atá i bhfeidhm cheana féin chun an tslándáil fuinnimh a neartú roimh an ngeimhreadh seo chugainn, lena n-áiríteofar soláthar cobhsaí fuinnimh do thionscail agus saoránaigh an Aontais i gcás ina mbeadh tuilleadh cur isteach ar an soláthar agus lena mbainfear amach sprioc REPowerEU maidir le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise na Rúise?
-